

Seicliosta Cháschomhad maidir le Cosaint Leanaí

- Ní mór don Teagmhálaí Ainmnithe comhad páipéir ina bhfuil na páipéir/taifid bhunaidh a choinneáil i ndáil le gach ábhar inní cosaint leanaí. Go ginearálta, tá 2 chatagóir comhaid ann mar a mhínítear thíos i gCuid A agus Cuid B.
- Ní mór gach páipéar/taifead bunaidh a choinneáil ina iomláine agus gan aon athrú a bheith déanta orthu ar an gcomhad páipéir lena mbaineann agus caithfidh an Teagmhálaí Ainmnithe é seo a stóráil in áit shábháilte.
- Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm le cur in eagar/anaithnidiú (i gcúinsí ar leith atá leagtha amach in ailt 9.6 agus 9.7 de na nósanna imeachta) má dhéantar cóipeanna (seachas ábhar bunaidh) de thaifid shonraithe, agus déantar na cóipeanna seo a chur in eagar/a anaithnidiú má chuirtear ar fáil iad don mBord chun críocho maoirseachta i Tuairisc Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí de chuid an Phríomhoide.
- Éilítear sna nósanna imeachta nach mór don Teagmhálaí Ainmnithe cód nó sraithuimhir uathúil a shannadh do na cáschomhaid cosaint leanaí uile agus do pháirtithe ar bith dá dtagraítear sna comhaid seo. Sa chomhthéacs seo is ea is brí le “páirtithe” ná páirtí ar bith (lena n-áirítear an leanbh) a bhféadfadh a chéannacht, má nochtar í, cabhrú chun leanbh nó duine a aithint a bhfuil líomhain déanta ina choinne. Tá [nóta treorach ar úsáid cód nó sraithuimhreacha](#) ar fáil mar nóta ar leith.

Cuid A - Ba chóir don méid seo a leanas a bheith i gcomhaid a bhaineann le hábhair inní a tuairiscíodh do Tusla:

- Tuairisc i scríbhinn ón Teagmhálaí Ainmnithe ar an ábhar inní cosaint leanaí a cuireadh ar a s(h)úile dó/di (*Féach [Teimpléad Roghnach A](#) – Cuid A*).
- Más cuí, tuairisc ar ghlaio gutháin an Teagmhálaí Ainmnithe le Tusla agus an chomhairle a cuireadh air/uirthi. (*Féach [Teimpléad Roghnach A](#) – Cuid B*).
- Cruachóip den tuairisc (Foirm Tuairiscithe um Chosaint agus Leas Leanaí de chuid Tusla) curtha isteach chuig Tusla (*Is féidir í a phriontáil ó [Thairseach Gréasáin le haghaidh Tuairiscíú Tusla](#)*).
- Cóip den admháil fála ó Tusla.
- Na taifid uile de bhearta breise a ghlac an Teagmhálaí Ainmnithe agus de chumarsáid breise le Tusla, An Garda Síochána agus le páirtithe eile maidir leis an ábhar inní a tuairiscíodh.
- Taifead i scríbhinn -
 - ag deimhniú gur chuir an Teagmhálaí Ainmnithe tuismitheoir/caomhnóir an linbh ar an eolas go ndearnadh tuairisc maidir lena leanbh chuig Tusla agus na cúiseanna atá leis an cinneadh an tuairisc a dhéanamh (*Féach [Teimpléad Roghnach C](#) – Cuid A*) **NÓ**
 - den gcinneadh a rinne an Teagmhálaí Ainmnithe gan tuismitheoir/caomhnóir an linbh a chur ar an eolas go ndearnadh tuairisc maidir lena leanbh chuig Tusla agus na cúiseanna atá leis an cinneadh gan iad a chur ar an eolas (*Féach [Teimpléad Roghnach C](#) – Cuid B*).
- I gcás ar bith má rinne tuismitheoir dalta sa scoil líomhain mí-úsáide i gcoinne ball de phearsanra na scoile, cóip den bhfógra scríofa a eisíodh don tuismitheoir sin faoi Alt 5.6 de na nósanna imeachta má tuairiscíodh an scéal chuig Tusla (*Féach [Teimpléad Roghnach D](#)*).

- Más cuí, cóip den ráiteas scríofa a chuir an Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil don mball foirne má thuiriscigh an ball foirne seo ábhar inní chuig Tusla i gcúinsí inar chinn an Teagmhálaí Ainmnithe nár chóir é a thuirisciú do Tusla. Sa ráiteas seo ba chóir na cúiseanna a lua a mhíníonn cén fáth nár thuiriscigh an Teagmhálaí Ainmnithe an t-ábhar inní seo ([Féach Teimpléad Roghnach B](#)).

Cuid B - Ba chóir don méid seo a leanas a bheith i gcomhaid a bhaineann le hábhair inní nár tuairiscíodh do Tusla:

- Tuairisc i scríbhinn ón Teagmhálaí Ainmnithe ar an ábhar inní cosaint leanaí a cuireadh ar a s(h)úile dó/di ([Féach Teimpléad Roghnach A – Cuid A](#)).
- Más cuí, tuairisc ar ghlaó gutháin an Teagmhálaí Ainmnithe le Tusla agus an chomhairle a cuireadh air/uirthi. ([Féach Teimpléad Roghnach A – Cuid B](#)).
- Cóip den ráiteas scríofa a chuir an Teagmhálaí Ainmnithe ar fáil don mball foirne a chuir an t-ábhar inní in iúl don Teagmhálaí Ainmnithe i dtaobh na gcúiseanna a mhíníonn cén fáth nár tuairiscíodh an t-ábhar inní mar aon le taifead a chuireann in iúl don mball foirne gur féidir leis/léi dul i gcomhairle le Tusla i gcónaí. Tá feidhm ag an méid seo más rogha leis an mball foirne gan an t-ábhar inní a thuirisciú do Tusla tar éis an ráiteas scríofa a fháil ón Teagmhálaí Ainmnithe. ([Féach Teimpléad Roghnach B](#)).
- Na taifid uile de bhearta breise ar bith a ghlac an Teagmhálaí Ainmnithe agus de chumarsáid bhreise le Tusla, An Garda Síochána agus le páirtithe eile maidir leis an ábhar inní.
- I gcás ar bith má rinne tuismitheoir dalta sa scoil líomhain mí-úsáide i gcoinne ball de phearsanra na scoile, cóip den bhfógra scríofa a eisíodh don tuismitheoir sin faoi Alt 5.6 de na nósanna imeachta murar tuairiscíodh an scéal do Tusla ([Féach Teimpléad Roghnach D](#)).